Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**9668/26**

**STATIS 46**
**TRANS 339**
**COMPET 620**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 21 Bealtaine 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 238 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a thugtar don Choimisiún de bhun Rialachán (AE) Uimh. 70/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18ú Eanáir 2012 maidir le tuairisceáin staidrimh i ndáil le hiompar earraí de bhóthar |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 238 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 238 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 21.5.2026
COM(2026) 238 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a thugtar don Choimisiún de bhun Rialachán (AE) Uimh. 70/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18ú Eanáir 2012 maidir le tuairisceáin staidrimh i ndáil le hiompar earraí de bhóthar**

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a thugtar don Choimisiún de bhun Rialachán (AE) Uimh. 70/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18ú Eanáir 2012 maidir le tuairisceáin staidrimh i ndáil le hiompar earraí de bhóthar**

## 1. RÉAMHRÁ

Le hAirteagal 3(4) de Rialachán (AE) Uimh. 70/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcás inar gá, i gcomhréir le hAirteagal 8 den Rialachán sin, chun na gcríoch seo a leanas:

- Cuid 1 d’Iarscríbhinn I a nuashonrú, chun go ndéanfaí forbairtí eacnamaíocha agus teicniúla a chur san áireamh, agus chuige sin amháin, ach amháin i gcás aon mhodhnuithe ar chineál roghnach na faisnéise a cheanglaítear a thabhairt;
- Iarscríbhinní II go VII a oiriúnú chun forbairtí eacnamaíocha agus teicniúla a chur san áireamh.

De réir Airteagal 3(4) den Rialachán céanna, ní mór don Choimisiún a áirithiú, agus an chumhacht sin á feidhmiú aige, nach gcuirfidh aon ghníomh tarmligthe a ghlacfaidh sé ualach riaracháin suntasach breise ar na Ballstáit ná ar na freagróirí.

## 2. BUNÚS DLÍ

Faoi Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) Uimh. 70/2012, déantar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 3(4) den Rialachán sin a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ón 23 Feabhra 2012. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí 5 bliana, ach amháin i gcás ina gcuirfidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin.

Tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, ní mór don Choimisiún tuarascáil a tharraingt suas i leith tharmligean na cumhachta.

Chuir an Coimisiún tuarascálacha roimhe seo isteach in 2016([2]) agus in 2021([3]). Cuireadh síneadh le tarmligean na cumhachta go huathoibríoch go ceann 5 bliana eile ó mhí Feabhra

[1] Rialachán (AE) Uimh. 70/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Eanáir 2012 maidir le tuairisceáin staidrimh i ndáil le hiompar earraí de bhóthar (IO L 32, 3.2.2012, lch. 1; ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/70/oj).

[2] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a thugtar don Choimisiún faoi Rialachán (AE) Uimh. 70/2012 an 18 Eanáir 2012 maidir le tuairisceáin staidrimh i ndáil le hiompar earraí de bhóthar (COM(2016) 562 final, 12.9.2016; https://eur-lex.europa.eu/legal-content/TXT/?uri=CELEX%3A52016DC0562).

[3] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a thugtar don Choimisiún faoi Rialachán (AE)

2017 go mí Feabhra 2022, agus ansin, tar éis an dara tuarascáil, go ceann 5 bliana eile ó mhí Feabhra 2022 go mí Feabhra 2027, toisc nár chúlghair an Pharlaimint ná an Chomhairle é de bhun Airteagal 8(3).

Is í seo an tríú tuarascáil ón gCoimisiún maidir lena chumhacht a fheidhmiú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

## 3. AN TARMLIGEAN A FHEIDHMIÚ

Níor fheidhmigh an Coimisiún fós an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, cumhacht a thugtar dó le Rialachán (AE) Uimh. 70/2012.

Pléann an Coimisiún feabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar staidreamh i ndáil le hiompar lasta de bhóthar go tráthrialta leis na Ballstáit, i gcomhthéacs forbairtí teicniúla agus riachtanais nua eacnamaíocha, chomhshaoil agus shochaíocha. An Coimisiún, in éineacht leis an nGrúpa Saineolaithe um Staidreamh i ndáil le hIompar Lasta de Bhóthar agus leis an nGrúpa Comhordaithe um Staidreamh i ndáil le hIompar, tá feabhsuithe ar staidreamh iompair lasta de bhóthar á meas acu, agus costais agus ualaí a d'fhéadfadh a bheith ar thíortha agus ar fhreagróirí á gcur san áireamh.

Tá gá le staidreamh chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na Straitéise Cuimsithí um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste (spriocanna 2020-2050) ([4]) agus chun tacú le gníomhaíochtaí lena gcomhlánaítear an straitéis cheannródaíoch sin, amhail an Treoir maidir le córais chliste iompair([5]), beartas an Aontais maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompair (TEN-T)([6])agus an Rialachán maidir le faisnéis leictreonach faoi iompar lastais (eFTI)([7]). Le gníomhaíochtaí den sórt sin, féadfar a cheangal ar an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena ndéantar na hIarscríbhinní thuasluaite a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 70/2012 a oiriúnú d'fhorbairtí eacnamaíocha agus teicniúla, chun a áirithiú go ndéanfar faireachán éifeachtúil ar spriocanna agus treochtaí beartais.

---

Uimh. 70/2012 an 18 Eanáir 2012 maidir le tuairisceáin staidrimh i ndáil le hiompar earraí de bhóthar (COM(2021) 176 final, 14.4.2021; https://eur-lex.europa.eu/legal-content/TXT/?uri=CELEX%3A52021DC0176).

[4] COM(2020) 789 final, 9.12.2020; https://eur-lex.europa.eu/legal-content/TXT/?uri=CELEX%3A52020DC0789.

[5] Treoir (AE) 2023/2661 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Samhain 2023 lena leasaítear Treoir 2010/40/AE maidir le creat chun Córais Chliste Iompair a chur chun úsáide i réimse an iompair de bhóthar agus le haghaidh comhéadain le modhanna eile iompair (IO L, 2023/2661, 30.11.2023; ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/2661/oj).

[6] Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1153 agus (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 (IO L, 2024/1679, 28.6.2024; ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1679/oj).

[7] Rialachán (AE) 2020/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 maidir le faisnéis leictreonach faoi iompar lastais (IO L 249, 31.7.2020, lch. 33; ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/1056/oj).